***Ciste Margaíochta Treoirlínte agus Téarmaí & Coinníollacha 2022***
***Cuspóir an chiste***

- Bunaíodh an Ciste um Chur Chun Cinn Margaíochta chun a chinntiú go bhféadfadh an Chomhairle tacaíocht a thabhairt do mhórimeachtaí agus féilte a reáchtáil sa chathair. Ba cheart go mbeadh sé seo mar phríomhfhócas an chiste, agus ar an gcúis seo, ba cheart go mbeadh an ciste ina chiste rollta, tógtha suas ó bhliain go bliain, a úsáidtear chun an chathair a chur chun cinn agus a mhargú.
- Tá sé mar aidhm ag Clár na bhFéilte Réigiúnacha tacú le Féilte agus Imeachtaí Rannphháirteacha a spreagfaidh turasóireacht intíre agus a chuideoidh le dtaithí an chuairteora a fheabhsú. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí:
  - Cuairteoirí intíre agus idirnáisiúnta a mhealladh agus a fhorbairt chun na cathrach le linn an tséasúir ghualainn
  - Oícheanta leapa a mhéadú agus dul chun sochair an gheilleagair áitiúil
  - Feasacht ar an réigiún a ardú go hidirnáisiúnta
- Níor cheart cúnamh ó na cistí seo a sholáthar ach amháin do thionscadail a thacóidh le forbairt eacnamaíoch áitiúil, i.e. infheistíocht, caiteachas, poist nó imeachtaí breise a mhealladh nó a ghiniúint sa chathair.
- Níor cheart maoiniú a chur ar fáil ach do thionscadail agus imeachtaí a bhfuil tionchar acu ar fud na cathrach. Ní cistí iad seo le haghaidh imeachtaí áitiúla ar scála beag agus ní ciste éigeandála é do thionscadail reatha a d’fhéadfadh foinsí eile maoinithe a bheith caillte acu.
- Tá imeachtaí a tharlaíonn sa séasúr ghualainn i dteideal iarratas a dhéanamh. Don chiste seo tá Comhairle Cathrach na Gaillimhe ag lorg Iarratas d’imeachtaí féilte ó Mheán Fómhair 2022 go hAibreán 2023.
- Sé an Buiséad Iomlán a leithdháil Comhairle Cathrach na Gaillimhe don chiste margaíochta ná €75000
- Tá buiséad €18,500 curtha ar fáil ag Fáilte Éireann do Chiste na bhFéile Réigiúnach

**Próiseas Iarratais**

- Déanfaidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe an scéim a fhógairt go bliantúil
- Cinnteoidh an próiseas seo go bhféachfar ar gach iarratas don bhliain atá le teacht le chéile agus nach bhfeicfear iad ina n-aonar.
- Déanfaidh comhaltaí tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe an Ciste Margaíochta a leithdháileadh
- Déanfaidh feidhmeannach Chomhairle Cathrach na Gaillimhe Ciste na bhFéile Réigiúnach a leithdháileadh

**Critéir** le húsáid chun iarratais a chinneadh.
Próiseas iomaíoch is ea na cistí seo agus ní ráthaítear cistiú d’aon iarratasóir. Níor cheart d’aon iarratasóir glacadh leis go gceadófar maoiniú ó na cistí seo go dtí go bhfaighfear litir thairisceana. **Ní mór do gach iarratas ar an gCiste Margaíochta a bheith ceadaithe ag comhaltaí tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe a dhéanfaidh an cinneadh deiridh. Seans go ndícháileofar canbhasáil.**

- I bhfianaise ról lárnach na Comhairle maidir le tacú le forbairt eacnamaíoch áitiúil, níor cheart go mbainfeadh tograí maoinithe ach le tionscadail a thacóidh le forbairt eacnamaíoch áitiúil, i.e. imeachtaí, infheistíocht, caiteachas nó poist bhreise a mhealladh nó a ghiniúint sa chathair.
- Ba chóir go gcuirfeadh an maoiniú le luach na cathrach.

- Ní mór do thograí buntáistí eacnamaíocha na gníomhaíochta nó an imeachta a leagan amach. Ba cheart go n-áireofaí sa phlean seo sonraí ar na costais agus na hioncaim réamh-mheasta go léir, lena n-áirítear foinse an ioncaim.
- Ba chóir go sonródh an t-iarratas go soiléir conas a dhéanfar an maoiniú go ginearálta agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe go háirithe a admháil roimh an imeacht, lena linn agus ina diaidh. Áiríonn sé seo úsáid lógó na Comhairle Cathrach ar ábhair bholscaireachta agus ag imeachtaí.
- Ní mór méid iomlán an chómhaoinithe nó na cistí meaitseála a lorgaítear nó a fhaightear ó fhoinsí eile a nochtadh. Ní bheidh imeachtaí a fhaigheann, nó a bheidh ar aon dul le, maoiniú poiblí eile arb ionann iad agus níos mó ná 50% dá mbuiséad iomlán incháilithe lena mbreithniú faoi na scéimeanna seo. Tá an teorainn seo á leagan ag an gComhairle ar an uaschéatadán den mhaoiniú poiblí ionas nach ndéanfaí aon tionscadal a mhaoiniú go hiomlán as airgead poiblí agus gur cheart urraíochtaí príobháideacha agus tiomsaithe airgid a aithint agus a dhoiciméadú.
- Cuirfear uasmhéid de 50% den mhaoiniú a leithdháiltear ar thionscadal ar leith ar fáil roimh an imeacht. Íocfar fuílleach an mhaoinithe ar thuarascálacha cuí a tháirgeadh a léireoidh gur comhlíonadh na critéir mhaoinithe, gur chloígh an ócáid lena phlean gnó agus gur comhlíonadh na ceanglais bhrandála.
- Maidir le maoiniú os cionn €10,000 a cheadaítear do thionscadail agus d'imeachtaí, beifear ag súil go sásóidh na tionscnóirí na riachtanais imréitigh cánach

Déanfar gach iarratas do 2022 a scóráil de réir na gcritéar seo a leanas:

| **Critéir** | **Marcanna** |
|---|---|
| Tionchar Eacnamaíoch | 60 |
| Maoiniú Meaitseála | 30 |
| Margaíocht & Cur Chun Cinn na Gaillimhe | 30 |
| Cáilíocht & Uaillmhian na Gníomhaíochta | 30 |
| Foireann Seachadta | 20 |
| Inbhuanaitheacht | 20 |
| Imeachtaí Oiriúnach do Theaghlaigh / Saor ó Alcól | 20 |
| Deiseanna Urraíochta | 10 |
| Marcanna Iomlán | **220** |

**Téarmaí & Coinníollacha:**

• Caithfidh an t-eolas a sholáthraíonn an grúpa/eagraíocht iarrthóra a bheith cruinn agus iomlán. D'fhéadfadh dícháiliú agus/nó aisíocaíocht deontas ar bith a bheith mar thoradh ar eolais mhícheart.

• Coinneofar an t-eolas go léir a chuirtear ar fáil maidir leis an iarratas ar dheontas go leictreonach agus féadfar é a chur ar fáil do ranna eile de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, de réir mar is cuí. Foilseoidh Comhairle Cathrach na Gaillimhe liosta de na deontais go léir a bronnadh ar a suíomh Gréasáin.

• Baineann an tAcht um Shaoráil eolais le gach taifead atá i seilbh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. (Ní mór an t-iarratas a bheith sínithe ag Cathaoirleach, Rúnaí nó Cisteoir na heagraíochta atá ag déanamh na haighneachta).

• Tá sé de fhreagracht ar gach eagraíocht a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta agus polasaithe cearta i bhfeidhm aici lena n-áirítear árachas cuí chun tacú leis an ngníomhaíocht atá beartaithe.

• Má tá páistí nó daoine óga faoi 18 mbliana d'aois san áireamh sa ghníomhaíocht bheartaithe, ní mór polasaí um chosaint páistí a bheith i bhfeidhm ag gach grúpa/eagraíocht lena n-áirítear nós imeachta grinnfhiosrúcháin.

• Coimeádann Comhairle Cathrach na Gaillimhe an ceart aici féin glaoch chun agallamh a chur ar iarratasóirí ar an ngearrliosta mar chuid den phróiseas measúnaithe. Ní mór d'iarratasóirí iad féin a chur ar fáil don agallamh seo má iarrtar iad. ˆTá cinneadh Chomhairle Cathrach na Gaillimhe deiridh.